II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/399 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Eanáir 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na méideanna de thacaíocht an Aontais d'fhorbairt tuaithe sa bhliain 2021

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá ar na Ballstáit méid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir i leith bliain féilire ar leith, de bhun Chaibidil 1 de Theideal III den Rialachán sin, a laghdú faoi 5 % ar a laghad i gcás an chuid den tsuim atá os cionn EUR 150 000. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, táthar le toradh measta an laghdaithe sin a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

(2) I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 11(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2019 maidir lena gcinneadh maidir leis an laghdú ar mhéid na n-íocaíochtaí díreacha agus leis an toradh measta ar an laghdú i leith na bliana féilire 2020. Ba mhó ná náid an toradh measta ar an laghdú a léiríodh sna fógraí ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Danmhairg, ón Eastóin, ó Éirinn, ón Spáinn, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Ungáir, ón Ísiltír, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic, ón bhFionlainn, ón tSualainn agus ón Ríocht Aontaithe.

(3) I gcomhréir leis an séú fomhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2019 maidir lena gcinneadh céatadán áirithe dá n-uasteorainn náisiúnta bhliantúil d'íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2020 a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2021.

(4) I gcomhréir leis an séú fomhír d'Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug an Chróit, an Ungáir, Málta agus an Pholainn fógra don Choimisiún faoin 8 Feabhra 2020 maidir lena gcinneadh méid áirithe den tacaíocht atá le maoiniú faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2021 a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2020.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

(5) Ar bhonn na bhfógraí sin, leasaíodh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/756 ón gCoimisiún ([3]).

(6) Mar sin féin, i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla arb é paindéim COVID-19 ba chúis leo, rinne an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, Lucsamburg agus an Phortaingéil a n-iarratas tosaigh ar aistriú a mhodhnú ina dhiaidh sin. Dá thoradh sin, leasaíodh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 1307/2013 arís le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1314 ón gCoimisiún ([4]).

(7) Dá bhrí sin, is gá oiriúnú a dhéanamh ar na leithdháiltí le haghaidh forbairt tuaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i leith na bliana 2021.

(8) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 137(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), níl feidhm, sa Ríocht Aontaithe i leith na bliana éilimh 2020, ag Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 de réir mar is infheidhme sa bhliain 2020. Dá bhrí sin, níor leagadh síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/756 uasteorainneacha nua le haghaidh na bliana 2020 i leith na Ríochta Aontaithe. Ós rud é go bhfuil na huasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2020 le cur san áireamh i gcás na tacaíochta a mhaoineofar faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2021, agus ós rud é gur tháinig deireadh ar an 31 Nollaig 2020 leis an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní gá uasteorainneacha a shocrú le haghaidh na bliana airgeadais 2021 i leith na Ríochta Aontaithe.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a leasú dá réir.

(10) Ós rud é go ndéanann na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i leith na bliana 2021, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Eanáir 2021

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/756 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 179, 9.6.2020, lch. 1).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1314 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na huasteorainneacha náisiúnta agus na glan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha i gcás Ballstáit áirithe i leith na bliana féilire 2020 (IO L 307, 22.9.2020, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

„CUID A DÓ: Miondealú ar thacaíocht an Aontais don Fhorbairt Tuaithe (2021 agus 2022)

(praghsanna reatha in EUR)

	2021	2022
An Bheilg	***101 120 350***	***82 800 894***
An Bhulgáir	***276 362 304***	***282 162 644***
An tSeicia	***317 532 230***	***259 187 708***
An Danmhairg	***155 064 249***	***75 934 060***
An Ghearmáin	***1 635 145 136***	***1 092 359 738***
An Eastóin	***107 500 074***	***88 016 648***
Éire	***380 591 206***	***311 640 628***
An Ghréig	***776 736 956***	***556 953 600***
An Spáinn	***1 320 014 366***	***1 080 382 825***
An Fhrainc	***2 342 357 917***	***1 459 440 070***
An Chróit	***320 884 794***	***297 307 401***
An Iodáil	***1 654 587 531***	***1 349 921 375***
An Chipir	***29 029 670***	***23 770 514***
An Laitvia	***143 740 636***	***117 495 173***
An Liotuáin	***238 747 895***	***195 495 162***
Lucsamburg	***13 190 338***	***12 310 644***
An Ungáir	***476 870 229***	***416 869 149***
Málta	***23 852 009***	***19 984 497***
An Ísiltír	***161 088 781***	***73 268 369***
An Ostair	***635 078 708***	***520 024 752***
An Pholainn	***1 297 822 020***	***1 320 001 539***
An Phortaingéil	***575 185 863***	***540 550 620***
An Rómáin	***1 181 006 852***	***967 049 892***
An tSlóivéin	***134 545 025***	***110 170 192***
An tSlóvaic	***318 199 138***	***259 077 909***
An Fhionlainn	***432 995 097***	***354 549 956***
An tSualainn	***258 770 726***	***211 889 741***
Iomlán AE	***15 308 020 100***	***12 078 615 700***
Cúnamh Teicniúil	***36 969 860***	***30 272 220***
Iomlán	***15 344 989 960***	***12 108 887 920”***